Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Samhain 2023
(OR. en)

15694/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/ 0357(NLE)**

**ENV 1339**
**CLIMA 574**
**MED 41**
**ONU 99**
**PECHE 521**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14263/23 - COM(2023) 586 final |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 23ú Cruinniú de na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara, a mhéid a bhaineann le Plean Réigiúnach maidir le Bainistíocht Talmhaíochta, Plean Réigiúnach maidir le Bainistíocht Dobharshaothraithe, agus Plean Réigiúnach maidir le Bainistíocht Uisce Stoirme Uirbigh a ghlacadh faoi chuimsiú Airteagal 15 den Phrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí ar Talamh, agus a mhéid a bhaineann le leasuithe a ghlacadh ar Iarscríbhinní II agus III a ghabhann leis an bPrótacal a bhaineann le Limistéir atá faoi Chosaint Speisialta agus maidir le hÉagsúlacht Bhitheolaíoch<br>- Glacadh |

1. Is é is aidhm don Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara (Coinbhinsiún Barcelona) agus na Prótacail a ghabhann leis, truailliú ó longa, ó aerárthaí agus ó fhoinsí talamhbhunaithe sa Mheánmhuir a chosc agus a laghdú. Tá an tAontas Eorpach ina bhall den Choinbhinsiún ó 1976 i leith. Is páirtithe iad ocht mBallstát sa Chomhaontú freisin[1].

2. Le linn an 22ú cruinniú de chuid na bPáirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún, a thionólfar in Portoroz na Slóivéine an 4-8 Nollaig 2022 (COP 23), táthar ag súil go nglacfaidh na Páirtithe Conarthacha cinntí a bheidh ina gceangal ar an Aontas.

[1] An Chipir, an Chróit, an Fhrainc, An Ghréig, an Iodáil, Málta, an tSlóivéin agus an Spáinn.

3. An 17 Deireadh Fómhair 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag Barcelona COP 23, a mhéid a bhaineann le Plean Réigiúnach maidir le Bainistíocht Talmhaíochta, Plean Réigiúnach maidir le Bainistíocht Dobharshaothraithe, agus Plean Réigiúnach maidir le Bainistíocht Uisce Stoirme Uirbigh a ghlacadh faoi chuimsiú Airteagal 15 den Phrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí ar Talamh, agus a mhéid a bhaineann le leasuithe a ghlacadh ar Iarscríbhinní II agus III a ghabhann leis an bPrótacal a bhaineann le Limistéir atá faoi Chosaint Speisialta agus maidir le hÉagsúlacht Bhitheolaíoch[2].

4. Scrúdaigh comhaltaí na Meithle um Shaincheisteanna Idirnáisiúnta i leith an Chomhshaoil an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí aici an 24 Deireadh Fómhair 2023. Bunaithe ar an bplé sin agus ar thrí chomhairliúchán i scríbhinn, a seoladh an 18 Deireadh Fómhair 2023, an 31 Deireadh Fómhair 2023 agus an 9 Samhain 2023,[3] agus ar bharúlacha i scríbhinn a sheol na toscaireachtaí ina dhiaidh sin,[4] d'ullmhaigh an Uachtaránacht dréacht-téacs comhréitigh[5] a comhaontaíodh ag an Meitheal um an gComhshaol an 13 Samhain 2023.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

   (a) an dréachtchinneadh ón gComhairle a leagtar amach in 14590/22 (bailchríoch arna cur ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga) a ghlacadh, trí thromlach cáilithe, mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na seisiúin a bheidh aici amach anseo;

   (b) a chinneadh, i gcomhréir le hAirteagal 19(7)(g) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, go bhfoilseofar an téacs san Iris Oifigiúil ina dhiaidh sin; agus

   (c) a chinneadh, i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoin nglacadh.

---

[2] 14263/23.
[3] WK 14198/2023 agus WK 14174/2023.
[4] WK 14078/2023 agus WK 14374/2023.
[5] 14813/23.